# creative youth

## A Plan to Enable the Creative Potential of Every Child and Young Person

The **Creative Ireland Programme** is a 5-year initiative which places creativity at the centre of public policy. The Programme is an all-of-government wellbeing initiative. The core proposition is that participation in cultural and creative activity promotes indivivdual, community and national wellbeing.

The Creative Youth Plan involves the Departments of Education and Skills, Culture Heritage and the Gaeltacht, and Children and Youth Affairs as well as the Arts Council. The Expert Advisory Group is chaired by Dr Ciaran Benson.

For more information see www.creativeireland.gov.ie

**The Creative Youth Plan** – is a key part of the Creative Ireland Programme. It sets out how we will meet the overall Programme objectives for children and young people and aims to:

**give every child practical access to tuition, experience and participation in art, music, drama and coding by 2022.**

Creative Youth aims to increase opportunities for activity and participation and influence public policy around creativity in both formal education and out-of-school settings.

We want to create a place where knowledge and creativity are equal partners in the formation of our young people, giving them an opportunity to become creative, active citizens.
www.creativeireland.gov.ie/en/creative-youth

The Creative Youth Plan works across:

- **Schools**: Enhancing arts and creativity initiatives in schools and early year settings. The principal initiatives within the formal/school setting are Creative Schools and Creative Clusters. (see below)
- **Teacher CPD:** Increasing and enhancing teacher continuing professional development opportunities across primary, post-primary and early years settings.
We support the Primary School DES EPV approved Teacher Artist Partnership CPD Summer Course & Residency (TAP) initiative and "Arts in Junior Cycle".
- **Out-of-School:** Collaborations to support creativity for children and young people in the community.

### The Creative Youth Plan is based on a number of key principles:

- **We Listen** – the Voice of the Child and Young Person is vital, they will be listened to and heard in developing and delivering our programmes. We work closely with Hub na nÓg
- **We Innovate** – while honouring the commitments made in the Plan, we are also prepared to learn and adapt, to be open to change and new ideas, try new things, to expand
- **We Collaborate** – we work together with stakeholders to increase the impact of our individual efforts, to achieve the best possible outcomes for children and young people
- **We Are Inclusive** – we will ensure that we reach as many children and young people as possible, especially those in disadvantaged areas and those seldom heard

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



## important dates:

### Creative Schools

Application deadline:
**Thursday 19th March 2020**
More Info:
creativeschools@artscouncil.ie
www.artscouncil.ie/creative-schools

### Creative Clusters

Application deadline:
**Friday 3rd April 2020**
More Info:
creativeyouth@education.gov.ie

### Teacher Artist Partnership

Course Registration Deadline:
**Tuesday 30th June 2020**
More Info:
See Local Education Centre Websites

Since the Plan was published we have supported a broad range of exciting and innovative projects and initiatives, as well as provided some additional impetus to existing initiatives, which aim to support our children and young people on their creative journeys – both within the formal education sector and within our wider communities:

### Creative Schools

A flagship initiative of Creative Youth which aims to understand, develop and celebrate the arts and creativity in schools. The scheme supports schools to develop their own Creative School plan. The long term aim is for every school to be supported to fully embrace the arts and creativity. Currently 300 schools, both primary and secondary are participating – www.artscouncil.ie/creative-schools

### The Arts in Education Charter

Launched in 2013 and plays a pivotal role in promoting both Arts Education and Arts in Education. The Creative Ireland Programme is committed to embracing, fast-tracking and resourcing the implementation of the Charter.

The Arts in Education Portal is a key national digital resource of arts and education practice in Ireland – www.artsineducation.ie

### Creative Clusters

Another of our key "in-school" initiatives aims to demonstrate how the arts and creativity can support schools to work together to address common learning challenges. Schools come together with complete freedom to design and develop their own creative project – from the design to implementation and evaluation – helping students learn through a lens of culture and creativity. In 2019, 77 schools in 21 clusters took part.

### Out of School

Under the Creative Youth Plan support has been provided to progress a number of actions to encourage, highlight and recognise initiatives in creativity outside the formal school setting , including:

- **Fighting Words** - a nationwide roll-out of free creative writing including developing an Irish language offering in the Gaeltacht;
- **Music Generation** - supporting a national music education programme;
- **Sing Ireland** - creating additional opportunities for young peoples' engagement with choral music including the development of Irish language resources; and
- **Youth Theatre Ireland** – expanding and enhancing the provision of youth theatre nationwide.

### Teacher supports (CPD)

Developing new and innovative ways to harness creativity within our schools is a key aim of the Creative Youth Plan – and supporting our teaching professionals is a key element of this strategy. With programmes like Teacher Artist Partnership and JCT workshops on design thinking and 'Me and My Music', the Creative Youth Plan is equipping educators with the skills for delivering programmes critical to the long term sustainability of the plan.

### Local Creative Youth Partnerships

New partnerships established on a pilot basis in **3 Education and Training Boards** (Kerry, Laois/Offaly and Clare/Limerick). These networks develop out-of-school creative activities for children and young people that complement and work with the formal school settings in a non-mainstream manner.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# óige ildánach

## Beart chun Cumas Cruthaitheachta Leanaí agus Dhaoine Óga Uile na Tíre a Chothú

Tionscnamh cúig bliana atá i gClár Éire Ildánach trína gcuirtear an chruthaitheacht i gcroílár an bheartais phoiblí. Tionscnamh folláine uile-rialtais atá sa Chlár. Is é an bunsmaoineamh ná go gcuireann páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht chultúir folláine aonair, pobail agus an náisiúin chun cinn.

Tá an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chomh maith leis an gComhairle Ealaíon páirteach i bPlean Óige Ildánach. An Dr Ciaran Benson atá ina chathaoirleach ar an Sainghrúpa Comhairleach.

Chun tuilleadh eolais a fháil féach https://www.creativeireland.gov.ie/ga/

**Plean Óige Ildánach –** gné lárnach de Chlár Éire Ildánach. Leagtar amach ann mar a chomhlíonfaidh muid cuspóirí an Chláir ar fad maidir le páistí agus daoine óga agus tá mar aidhm leis:

**go mbeidh teacht praiticiúil ag gach leanbh in Éirinn faoin mbliain 2022 ar theagasc agus ar thaithí san ealaín, sa cheol, sa drámaíocht agus sa chódúchán chomh maith le deis rannpháirtíochta iontu.**

Féachtar le hÓige Ildánach deiseanna do ghníomhaíochtaí agus rannpháirtíocht iontu a mhéadú agus tionchar a bheith ar bheartas poiblí i ndáil leis an gcruthaíocht sa chóras foirmeálta oideachais agus i dtimpeallachtaí taobh amuigh den scoil araon.

Ba mhaith linn áit ina mbeidh eolas agus an chruthaíocht ar chomhchéim i bhforbairt dhaoine óga na tíre a chruthú, a thabharfaidh deis dóibh a bheith níos cruthaithí agus a bheith ina saoránaigh atá gníomhach. https://www.creativeireland.gov.ie/ga/oige-ildanach/

Feidhmíonn Plean Óige Ildánach:

- **i Scoileanna:** Na healaíona agus tionscnaimh chruthaíochta i scoileanna agus i dtimpeallachtaí luathbhlianta a fheabhsú. Is iad Scoileanna Ildánacha agus Braislí Cruthaitheachta na príomhthionscnaimh laistigh den timpeallacht scoile foirmeálta. (féach thíos)
- **i bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach Múinteoirí:** Deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha múinteoirí i mbunscoileanna, i meánscoileanna agus sna luathbhlianta a mhéadú agus a fhorbairt. Cuireann muid tacaíocht ar fáil do Chúrsaí Samhraidh Múinteoirí agus Ealaíontóirí i gComhpháirtíocht CPD & an tionscnamh Cónaitheachta (TAP) atá faofa ag Bunscoileanna DES EPV agus "Ealaíona na Sraithe Sóisearaí"'
- **Taobh Amuigh den Scoil:** Obair i gcomhar d'fhonn tacú leis an gcruthaíocht do pháistí agus do dhaoine óga sa phobal.

### Is ar roinnt príomhphrionsabal atá Plean Óige Ildánach bunaithe:

- **Éisteann Muid** – is ríthábhachtach atá Guth an Pháiste agus an Duine Óig, éistfear leo agus cloisfear lena gcuid tuairimí lenár gcláir a fhorbairt agus a chur i gcrích. Bíonn muid ag obair go dlúth le Hub na nÓg'
- **Tá Muid Nuálach** – cé go seasfaidh muid leis na gealltanais atá leagtha amach sa Phlean, tá muid sásta foghlaim agus athrú a dhéanamh, a bheith sásta glacadh le hathruithe agus smaointe nua, triail a bhaint as rudaí nua, agus leathnú amach a dhéanamh.
- **Oibríonn Muid i gComhar** – oibríonn muid le páirtithe leasmhara chun an tionchar a bhíonn ag an obair ar leith a dhéanann muid ar fad a mhéadú, d'fhonn na torthaí agus is fearr ar féidir a bhaint amach do pháistí agus do dhaoine óga.
- **Tá Muid Uilechuimsitheach** – beidh muid cinnte iarracht a dhéanamh freastal ar an méid is mó páistí agus daoine óga agus is féidir, iadsan atá i gceantair faoi mhíbhuntáiste agus iadsan nach dtugtar cluas dá gcuid tuairimí go minic ach go háirithe.

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022



## dátaí tábhachtacha:

### Scoileanna Ildánacha

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:
**Déardaoin an 19 Márta 2020**
Tuilleadh Eolais:
creativeschools@artscouncil.ie
www.artscouncil.ie/creative-schools

### Braislí Cruthaitheacha

An dáta deiridh a nglacfar le hiarratais:
**Dé hAoine an 3 Aibreán 2020**
Tuilleadh Eolais:
creativeyouth@education.gov.ie

### Múinteoirí agus Ealaíontóirí i gComhpháirtíocht

Spriocdháta chun Clárú don Chúrsa:
**Dé Máirt an 30 Meitheamh 2020**
Tuilleadh Eolais:
Féach ar Láithreáin Ghréasáin na nIonad Áitiúil Oideachais

Tá tacaíocht curtha ar fáil againn do réimse leathan tionscadail agus tionscnaimh iontacha ó foilsíodh an Plean, chomh maith le spreagadh breise a chur ar fáil do thionscnaimh a bhí ann cheanna, a bhfuil mar aidhm leo tacú le páistí agus le daoine óga na tíre ar a n-aistir chruthaíochta – laistigh den earnáil foirmeálta oideachais agus laistigh dár bpobail níos leithne araon:

### Scoileanna Ildánacha

Príomhthionscnaimh Chlár Éire Ildánach a bhfuil mar aidhm leis na healaíona agus an chruthaíocht a thuiscint, a fhorbairt agus a cheiliúradh i scoileanna. Tacaíonn an scéim le scoileanna a bplean don Scoil Ildánach a fhorbairt iad féin. Is í an aidhm fhadtéarmach ná tacaíocht a chur ar fáil do gach scoil chun go nglacfaidh siad go fonnmhar agus go hiomlán leis na healaíona agus an chruthaíocht. Tá 300 scoil, idir bhunscoileanna agus mheánscoileanna ag glacadh páirte – www.artscouncil.ie/creative-schools

### An Chairt maidir le hEalaín i gcúrsaí Oideachais

Seoladh an Chairt in 2013 agus tá ról lárnach aici in Oideachas na hEalaíne agus na nEalaín i gcúrsaí Oideachais araon a chur chun cinn. Tá Clár Éire Ildánach tiomanta don Chairt a ghlacadh, a chur chun cinn go tapa agus acmhainní a chur ar fáil chun í a chur i bhfeidhm.

Acmhainn dhigiteach náisiúnta ealaíon agus cleachtais oideachais í an Tairseach um na hEalaíona san Oideachas – www.artsineducation.ie

### Braislí Cruthaitheacha

Tá mar aidhm le ceann eile dár príomhthionscnaimh "sa scoil" léiriú a thabhairt ar mar atá na healaíona agus an chruthaíocht ábalta tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna obair as lámh a chéile chun dul i ngleic le dúshláin foghlama choitianta. Tagann scoileanna le chéile agus saoirse iomlán acu a dtogra cruthaitheach féin a leagan amach agus a fhorbairt – óna dhearadh go dtína cur i gcrích agus go dtí an mheastóireacht – a chuidíonn le daltaí foghlaim a dhéanamh faoi anáil an chultúir agus na cruthaíochta. 77 scoil i 21 mbraisle a ghlac páirt in 2019.

### Taobh Amuigh den Scoil

Cuireadh tacaíocht ar fáil faoi Phlean Óige Ildánach chun roinnt gníomhaíochtaí a chur chun cinn d'fhonn aird a tharraingt ar thionscnaimh na cruthaíochta taobh amuigh de thimpeallacht fhoirmeálta na scoile, agus iad a spreagadh agus a aithint, lena n-áirítear:

- **Fighting Words** – scríbhneoireacht chruthaitheach á cur ar fáil saor in aisce go náisiúnta, lena n-áirítear leagan Gaeilge a fhorbairt sa Ghaeltacht;
- **Music Generation** – ag tacú le cláir oideachais cheoil;
- **Sing Ireland** – ag cruthú deiseanna breise do dhaoine óga glacadh go fonnmhar le ceol córúla, lena n-áirítear acmhainní Gaeilge a fhorbairt; agus
- **Youth Theatre Ireland** – soláthar na hamharclannaíochta don óige a leathnú agus a fheabhsú.

### Tacaíochtaí Múinteoirí (CPD)

Is í príomhaidhm Phlean Óige Ildánach ná bealaí nua agus nuálacha a fhorbairt d'fhonn leas a bhaint as an gcruthaíocht laistigh de scoileanna – agus tá tacaíocht a chur ar fáil do mhúinteoirí gairmiúla na tíre ina príomhghné den straitéis seo. Le cláir mar Comhpháirtíochtaí idir Múinteoirí agus Ealaíontóirí agus ceardlanna JCT ar smaointeoireacht dearaidh agus 'Me and My Music', tá Plean Óige Ildánach ag cur na scileanna atá de dhíth ar fáil do mhúinteoirí chun go mbeifear ábalta cláir atá ríthábhachtach d'inbhuanaitheacht fhadtéarmach an phlean a chur ar fáil.

### Comhpháirtíochtaí Áitiúla Óige Ildánach

Comhpháirtíochtaí nua a bunaíodh ar bhonn píolótach i 3 Bhord Oideachais agus Oiliúna (Ciarraí, Laois/Uíbh Fhailí agus An Clár/Luimneach). Forbraítear gníomhaíochtaí cruthaitheacha taobh amuigh den scoil leis na líonraí seo do pháistí agus do dhaoine óga a thagann agus a oibríonn le timpeallachtaí foirmeálta na scoileanna ar bhealach nach ndéantar de ghnáth.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland